Scéal Táibsí

Is minic a cloistear scéaltaí faoi ṫáibsí aċ cé méad den ḟírinne atá iontu? Níl ḟios againn aċ ainneoin é sin éisteann muid leo agus gliondar inár gcroí.

De ġnáṫ ní baineann éinne leo aċ amáin ṫart ar Oíċe Ṡamna. Ansin suíonn gaċ duine cois tine. De ġnáċ an réitiġ bíonn a ċnánna féin ag gaċ duine ionas naċ mbeiḋ ciréib ar biṫ. Uaireanta bíonn sé mar seo: Tosnaíonn an duine is sine sa ċlann an scéal. Nuair a stadann seisean bíonn ar an ċéad duine eile leanaċt ar aġaiḋ agus mar sin de go dtí go gcuirtear stop leis an ḋeireaḋ ṫiar ṫall. Baintear a lán taitneaṁ as an mbealaċ seo mar ní ḟágann duine ar biṫ as an spórt. Téann na scéaltaí seo ó ṁaol go mullaċ aċ is cuma le gaċ duine.

San 19ú aois bíoḋ damsaí san Ind ar a dtugtar damsaí na dtáibsí. Ní bíoḋ aon ċeol ann ⁊ bíoḋ éadaí bána ar na daoine ċun an éifeaċt ceart do ṫabairt dóib.

Tig le scéaltaí táibsí urċóid a ḋéanaṁ freisin mar ṡampla nuair a bíonn féile ar siú. Insíonn duine éigin scéal agus bíonn duine óg ag éisteaċt.

Buel, más rud é gur scéal aniogair é cuiṁneoiḋ an duine óg ar arís agus b'ḟéidir go mbeiḋ tromlú aige nó aici. Mar sin ba ċeart go mbeaḋ muid cúramaċ ag insint na scéaltaí sin. Trío is tríd tá siad ceart go leor aċ tá cuid acu naċ bfuil.

Sílim féin naċ bfuil mórán maiṫeasa sna scéalta seo aċ ar ċuma ar biṫ tá siad ceart go leor ṫart ar Oíċe Ṡamna mar is é sin an séasúr dóib. Aċ is cuma cad a ṫiocfaḋ ní ceart dúinn iad do ċreidiúint nó sampla do ġlacadar uaṫu, mar de ġnáṫ níl siad fíor.

Máire Ní Ruairc, Cloċar Íosa is Muire, Cros Uí Ṁaoilḟíona.

Éadan Anfa

Beiḋ roinnt fear ag obair anseo go ceann tamaill ar na bealtaí móra. Táṫar le cóiriú a ḋéanaṁ ar an ḃealaċ mór ó Ġort Litreaċ. Leaba Dub, ón ḃealaċ condae ag teaċ Pádraic Uí Ċeallaiġ go dtí teaċ Knox, agus ṫart le teaċ Blair, go dtí an bealaċ condae in aice le teaċ Seosaiṁ Blair.

Tá trí bealaċ le cóiriú ṫart ar Grafaí, an bealaċ Aifrinn, ag Mín a' Ṁaiḋne, ó bealaċ na condae ag teaċ Liam Ó Cinnéide, go dtí bealaċ na condae taob ṫoir de Eadan Anfa. Tá an bealaċ ceangail ag Mín a' Grubaiḋ, ó ṫeaċ A. Mac a' Báird, ag Mín a' Ṁaiḋne, a ċuaiġ go dtí an bealaċ condae, ag teaċ Séamuis Ṁic Diarmada, ag Mín a Grubaiḋ. Agus ag na Grianáin grásai, an bealaċ ó Caraiḋ, ón Ċomairle Condae, ag teaċ Peadar de Brúin, go dtí teaċ Peadar Uí Ḋíreáin. Ag droim Con Cuas, Grafaí, tá an bealaċ aise ó'n bealaċ condae ag teaċ Ṡeáin Uí Ḃaoill. ó ḋeas go dtí teaċ S. Uí Ḋomnaill, agus Peadar Mac Ceallabuí, le deisiú posta.

Oifig na Scéimeanna Speisialta Oibreaċais

Ag freagairt ceiste ó Pádraig Ó Loingsiġ, T.D. (Muiġeo Ṫuaiḋ) dúirt an Rúnaí Pairliminte don Aire Airgeadais, Séamas Mac Giobúin, T.D., go raib ceist leanúint, nó gan leanúint de Oifig na Scéimeanna Speisialta Oibreaċais a ḃreaṫnú, agus naċ dtiocfaḋ leis a rá go fóill, céard a ḋéanfaí faoi.

Leaṫnaċ na nÓg

Áṫas orm a ċloisint arís ó ṁuintir Cros Uí Ṁaoilḟíona. Ba ġnáċ linn ana ċuid dréaċtanna ⁊ scéalta agus aistí a beiṫ againn óna scoláirí anseo, meán-scoil, ina ndéantar iomlán na h-oibre fríd Ġaeilge. Níor ċuala muid faic uaṫa le fada an lá anois, agus bí áṫas orainn scéal taibsí a ḟáil ó cailín insan scoil seo—Máire Ní Ruairc, agus tá sé á foilsiú insan eagrán seo.

Bí iontas orm naċ bfuair muid níos mó aistí ar "Na Daonscoltaċa." Taréis an méid a d'inis mé díb faoi na Coláistí Gaeilge, ṡíl mé go mbeaḋ ábar aiste ag duine ar biṫ faoi na Daonscoltaċa insan Danṁairg, agus in Éirinn, aċ, ba ḃeag an méid a cuireaḋ ċugam.

Ċonaic mé rud aisteaċ an tseaċtain seo caite; díospóireaċt a bí ar siúl in Ollscoil na Ríona, i mBéal Feirste. Taréis díospóireaċta, ġlac siad le rún, naċ mbeaḋ an có-ṫionól a bí i láṫair ansin sásta troid ar son na hÉireann, nó bás a ḟáil ar son na hÉireann. Agus an rud a ba iontaí, duine as Corcaí a ṁol an rún. Dá mbeaḋ a leiṫéid de díospóireaċt anois in cuid meán-scoltaċa na hÉireann, níl ḟios agam cad é an toraḋ a ḃeaḋ air? Ar ndóiġe, ní ḃeaḋ fios agat.

Naċ gcuirfeaḋ sé in do ċuiṁne arís an díospóireaċt a bí ag Ó Conaill, díreaċ sul ar ḃris Meagher agus na hÉireannaiġ óga ar ṡiúl uaṫa, nuair a tárla an árdú meanmain agus méadú misniġ is mó le fada an lá, i scéal na hÉireann. An amlaiḋ go bfuil árdú meanmain agus méadú misniġ le teaċt ċugainn arís ón óige. Ní ḃeaḋ ḟios agat.

Agus anois, ní fada go mbeiḋ daoine ag cuiṁniú ar an Nollaig féin, nó ar scor ar biṫ, ar ċártaí Nollag. Seo nós a ṁéadaiġ go millteanaċ le roinnt blianta anuas, agus déanta na fírinne siad an dream is mó is cúis le é a ṁéadú, nó déagóirí na tíre. Aċaine aṁáin agamsa ar gaċ duine a léas seo, bí cinnte go gcuireann tú do ċártaí as Gaeilge. Níl ann aċ an rud is dual duit mar Éireannaċ óg, agus is iontaċ an meas a bí ag daoine ar do ċártaí, nuair a ġeibeann siad cártaí as Gaeilge uait. Mar, níl duine ar biṫ sa tír naċ maiṫ leis go mbeaḋ roinnt éigin cártaí as Gaeilge aige, agus ní mór an méid fós a ċuireas iad. Mar sin de, bí cinnte agus cuir cártaí Gaeilge i mbliana, agus beiḋ níos mó meas ag do ċáirde ort, agus beiḋ áit onóraċ ag do ċárta insan ċruinneagán a ḃéas ag an té a fuair uait é.

Má bíonn deacraċt ar biṫ agat fá cártaí a ḟáil, scríoḃ ċuig Brian Ó hUigín. 56 Cearnóg Parnel, agus cuirfiḋ sé ċugat cibé ordú is maiṫ leat. Tá neart de ċártaí eile Gaeilge le fáil coṁ maiṫ, agus má ċuireann tú ceist ar siopadóir ar biṫ. Ba ċóir go mbeaḋ siad aige, nó muna mbíonn, bain trial as siopadóir eile.

Ceapadóraċt na seaċtaine seo:

Sinsir—

Dá mbéinn se i mbun na haimsire.

Sóisir:

Céad sneaċta an ġeiṁriḋ.

Cuiṁní Camera ar Coláiste Cróna

Tránna Cloċa Corr

Siúlóid aoiḃinn i mí Lúnasa.

Óráid an Uasal Uí Loingsiġ

Aiṫeasc an Aire Airgeadais ag bronnaiġ an Ḟáinne Nua ar féin agus ar ċinnirí na Stáṫseirbíse ar an 12 Samain, 1965.

A Aṫair Oirṁinniġ agus a ḋaoine uaisle go léir, is mór an onóir liom glacaḋ leis an bFáinne Nua inniu ṫar ceann na Stáṫseirbíse.

Is coṁarṫa an Fáinne Nua seo go bfuil an Ġaeilge ag an té a ċaiṫeann é agus go bfuil fonn air i a labairt, an oiread agus is féidir leis.

Gléas áisiúil is eaḋ é seo ċun Gaeilgeoirí a ċur in aiṫne dá ċéile agus ċun iad a ċur ag labairt Gaeilge lena ċéile. Is cinnte go mbeiḋ sé ina ċabair mór san iarraċt atá á ḋéanaṁ againn ċun úsáid na Gaeilge mar ḃeoṫeanga a leaṫaḋ.

Ní miste a rá go raib na Stáṫseirbísiġ ċun tosaiġ le fada an lá in obair seo na Gaeilge. Ní suaraċ le háireaṁ a bfuil de Stáṫseirbísiġ ag gníoṁú i ngluaiseaċt na Gaeilge, ní aṁáin mar oifigiġ Stáit, aċ mar ġáṫ-ṗearsana, mar aṫaireaċa ar ṫeaġlaiġ Ġaelaċa agus mar ḃaill de Ċumainn ḋeonaċa. Tá aiṫne ar ċuid ṁaiṫ acu go fada fairsing mar scríḃneoirí agus is boiċte a ḃeaḋ litríoċt na nua - Ġaeilge maraċ iad.

D'ḟógair an Rialtas sa Ṗáipéar Bán go bfuil beartaiṫe acu a gcion féin a ḋéanaṁ ċun an Ġaeilge a ċur ċun cinn. Beiḋ a lán le déanaṁ ag na Ranna Stáit san obair seo. Ní foláir dúinn go léir dul i mbun gnó le fonn agus le díograis. Agus ní fearr rud a ḋéanfaimís ar dtús ná ár dtacaíoċt ṗearsanta a ṫabairt don teanga trí í a labairt. Tá súil agam, mar sin, go bfeicfear an Fáinne Nua á ċaiṫeaṁ ag Stáṫseirbísiġ — ní mar ḋualgas oifigiúil aċ mar ġníoṁ deonaċ — go háiriṫe iad sin a bíonn ag plé leis an bpobal.

An tSín mar Coṁaċt Doṁanda

Tá an cruinnse seo roinnte ina dá ċuid — "an doṁain saor" agus "an doṁan commúnaċ" agus an dá ċuid sin i gcoiṁlint lena ċéile. Is baol i gcónaí don síbealtaċt an doṁan commúnaċ. Aċ buíoċas le Dia feicimid naċ bfuil naṁaid na saoirse coṁ teann, láidir anois agus a bíoḋ, go bfuil easaontas agus éad idir na baill féin, agus claonaḋ ċun scarúint óna ċéile. Is rí-soiléir sin i leiṫ na Síne. Tír aḃailmór is ea an tSín, fé rialtas commúnaċ agus í ag éiriġ níos coṁaċtaí agus níos láidre le h-imeaċt gaċ bliain. Aċ tá difríoċt idir an tSín san lá inniu ann agus an tSín a bí ann fiċe bliain ó ṡin. sin é go bfuil siad ag iarraiḋ a ṡaoirse iomlán d'ḟáil ón Rúis agus dul ar aġaiḋ as a stuaim ḟin gan baint acu le h-aon náisiún eile. Tá an t-aiḋm seo le cur i gcríoċ acu fós, aċ gan dabṫ ar biṫ, tá an deiġilt ag reaċt agus i mo ṫuairim bua agus buntáis a ḃeaḋ san deiġilt sin don doṁain go léir. Ní raib an Taoiseaċ Kruscheḃ ró-ċáirdiúil lena taoisiġ san tSín agus cuireaḋ as oifig é de ḃarr sin. Ḋéin Koseġin a díċeall ó ṫáiniġ sé i réim ċun cáirdeaċais a ḃuanú leo. Níl ag éiriġ leis aċ oiread. Deireann cuid ṁaiṫ daoine naċ bfuil, toisc nár cuireaḋ mórán fáilte roiṁe sa tSín timpeall mí ó ṡoin. Ní raib tráċt ar biṫ fé'n cuairtóir sna páipéirí nuaċta i bPeking, an lá á ṫáiniġ sé agus de ḃarr sin tá na daoine ag smaoineaḋ — agus is doċa go bfuil sé féin freisin, mar ġeall ar an gcuairt sin, ⁊ cad é an toraḋ a bí leis. Nuair a ċuaiġ sé aḃaile ġeall sé gaċ cabair a ṫabairt do Ḃietnam Ṫuaiḋ i gcoinne na n-Americánaiġ agus ċonaic mé i bpáipéir nuaċtán í ṡoin go sciallfaiḋ na Síniġ gaċ dóċas agus muinġin san Rúis muna ṡeas Koséġin leis an ġeallúint sin.

Aċ conas ar éiriġ leis an Rúis gréim d'ḟáil ar an tSín cor ar biṫ? Timpeall 1848 bí an tSín ag troid leis an tSeaipín agus ṫáiniġ daoine ó beagnaċ gaċ túr san Eoraip ag cur fuṫa ar an gcósna agus ag tógaḋ calaṗoirt. Teastaiġ ó na coṁaċtaí móra cearta ċun bóiṫre iarann a ḋéanaṁ sa tÉin agus í a roinnt ar a lán stáṫaí Eoraipeaċa. Níor ṫeastaiġ sin lena Síniġ. ní naċ ionaḋ, aċ ṫeip orṫa na coiċríoċaċa a ṫioṁáint as an dtír. Sa deire áfaċ, d'éiriġ cumann náisiúnaċ ann fé ḋuine darb ainm Sun Yatsen agus sé an t-ainm a bí ar an gcuman sin, sa tSín, ná an "Koumingtang." Sé an t-aiḋm a bí aige na deireaḋ a ċur le rialtas Manchu agus go mór ṁór rialtas críosúil neaṁspleáċ a ċur ina áit. D'éiriġ le Sun Yatsen sa ċéad aiḋm sin aċ annsin ṫárla réiḃlóid san Rúis timpeall 1917 agus nuair a cuireaḋ fé cois é, d'iompaiġ Sun Yatsen don Rúis agus ċuir siad reaċtairí ó Moscó go dtí an tSín. Annsin d'aiṫriġ siad an rialtas, a bí bunaiṫe ag Sun Yatsen, go dtí an commúnaċas ⁊ roiṁ 1928 bí an tír fé smaċt na Rúise agus Nanking mar príoṁċaṫair acu.

Díreaċ annsin ṫáiniġ deiġilt sa tSín mar ġeall ar coṁċogar ⁊ feall a beiṫ ar siúl ag na Rúisiġ. Taobaiġ cuid des na Síniġ lena Rúisiġ agus ṫáiniġ an leaṫ eile fé Chiang Cai-Shec agus ḃunaiġ sé rialtas náisiúntaċ na Síne. Aċ mo léan géar bí ḃuaiḋ na tréise ag an rialtas communaċ agus nuair a ṫiṫ an Koumingtan sa bliain 1948 bí ar Chiang Cai-Shec teiċeaḋ go dtí an t-Oileáin Formosa, áit a bfuil sé mar uaċtaráin san lá inniu ann. Annsin ḃunaiġ na Commúnaiġ rialtas nua darb ainm "Rialtas Poblaċta na nDaoine" sa tSín, agus mo léan, d'aiṫnaiġ an Ḃreatain láiṫreaċ é aċ taobaiġ na Stáit Aontaiṫe agus na Náisiún Aontaiṫe le rialtas Formosa.

Mar sin féin, níl ag éiriġ go maiṫ ag na commúnaiġ san tSín, mar tá a lán rud mí-ċeart déanta acu: tá na céadta acra de ṫalaṁ maiṫ sciosta acu de ḃarr barraí mí iorúineaċ á ċur; níl na tionscailí ag dul ċun cinn go maiṫ agus tá cearta agus mianta na daoine bainte díobṫa. Tá sé ráite ag na Commúnaiġ féin, go bfuil troid agus anaċain ar siúl san tSín. Níl an rialtas ábálta a muinṗn a cur san airm aċ oiread, agus tá orṫa na saiġdiúirí a ċur ó áit go háit ar eagla na heagla go n-éiríoḋ siad cáirdiúil le na daoine boċta — go nglacfaiḋ siad páirt na "proletarians". Inseoċann an méid sin a scéal féin.

Ag deireaḋ mí Feabra d'órdaiġ an t-árdrialtas i Moscó le gaċ mór-taoiseaċ Commúnaċ teaċt ċun mór-ċruinniú san príoṁ-ċaṫair. Aċ cúpla lá roiṁ an coṁṫionól bí turascáil te sns páipéirí nuaċta i bPeking mar ġeall ar na taoisiġ Rúiseaċa. Deireaḋ go rabadar "dá aġaiḋeaċ". gur ṁoladar Kruscheḃ go hárd nuair a bí sé ag rud ar aġaiḋ go maiṫ aċ gur iompaiġ siad ina ċoinne nuair a ṫeip air. Bíodar ar buile leis an rialtas i Moscó agus bíodar i gcás idir dá ċoṁairle, ar raċfaḋ siad don mórċruinniú nó naċ raċfaiḋ. Pé scéal é, ní ċuadar.

Sé mo ṫuairim go mbeiḋ an tSín ábálta barr a ċoṁaċt a ṡroisint dá mbeaḋ sé saor ón Rúis agus is dóċa go gceapann pobal na Síne an méid sin freisin, mar tá siad ag dul ar aġaiḋ go cinnteaċ cúramaċ. Coṁ maiṫ leis sin, tá an tSín ag meallaḋ na dtíorṫa nua fó-fásna ar a ṫaob ag tabairt caḃair agus "saoirse" díoḃ tré'n teagais Commúnaċ. Freisin tuigeann sé tabaċt caḃair na dtíorṫa móra mar an Eigipt agus an Sudán, ⁊rl., agus dá ḃrí sin. tugann sé gaċ cabair, is féidir léi a ṫabairt, dóib. Tá ḟios acu freisin, dá mbeaḋ sí ag troid le tír ar biṫ, tá bealaċ éascaiġ oscailte aice ó nadúir do gaċ áit ar doṁan de ḃarr sin.

Aċ cad mar ġeall ar an doṁan go léir, dá má rud é go n-éiríḋ an tSín coṁ coṁaċtaí sin is a gcuirfiḋ sí an Rúis fé cois? An buntáiste nó mí ḃuntáiste a ḃeaḋ sé? Ceapaim gur buntáiste mar i mo ṫuairim daoine creidiúnaċa, ciallṁara is ea na Síniġ atá tinn de ṫeagais daorḃróideaċ, an commúnaċais, an teagais sin a ḃain a gcearta, a noiúlta agus a miantaí díoḃ. Óir níor ġlac na commúnaiġ ċor ar biṫ leis an teagais a bí i gcónaí an-congaraċ ar fad le croiḋe na Síniġ — sé sin cearta na clainne agus tá meas ar an gclann fós ag na gnáṫ daoine sa tSín.

Trío is tríd creidim gur ag an tSín atá an cumas agus an coṁaċt ċun coṁaċt doṁanda a ḋéireaṁ dé féin. B'ḟéidir naċ dtuigeann na coṁaċtaí doṁanda eile é sin anois aċ tá an tSín á neartú féin gaċ uile bliain—ag feiṫeaṁ don uair ina mbeaḋ sé saor ó smaċ- na Rúisiġ agus ag feiṫeaṁ don lá ina mbeiḋ sé ar ceann des na coṁaċtaí is mó ar doṁan. An lá ina n-éiríonn léi scaraḋ ón Rúis b'ḟéidir go gcuirfeaḋ an lá sin, tús le deire ré an Commúnaċas agus naċ rud é sin is mian le gaċ uile duine saor.

Aingeall Ní Ḟiaċra, Scoil Ṡeosaiṁ Naofa, Cloċar na Trócaire, Béal Áṫa Liag, Co. Longṗort.

Cupón

Amáraċ

19-11-1065.